# Foirm RR1

## Daoine Aonair Ard-Ioncaim: Teorannú ar Úsáid Faoiseamh[1] 2015

### Ráiteas maidir le húsáid Faoiseamh Sonraithe agus Meastachán Ioncaim Inchánach agus Dliteanas Cánach Ioncaim don bhliain chánach 2015

**Uimhir PSP**
Ná déan dearmad d'Uimhir PSP a lua in aon chumarsáid le d'Oifig Cánach

**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,**
**Rannán an Ard - Bhailitheora,**
**Bosca Poist 354,**
**Luimneach.**

Tá an fhoirm seo le comhlanú ag aon cháiníocóir nuair atá siad agus/nó a chéile/pháirtnéir sibhialta, más cuí, faoi réir na teorann[2]

**Is cóir an ráiteas seo a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an seoladh thuas ar nó roimh an 31 Deireadh Fómhair 2016 mar aon le d'Fhoirm 11 Tuairisceán Cánach agus Féinmheasúnú don bliain 2015.**

**Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne, nach foláir Painéal N d'Fhoirm 11 2015 - Dreasachtaí Bunaithe ar Mhaoin ar a bhfuil Faoiseamh á Éileamh sa bhliain 2015 - a chomhlánú mar is iomchuí, go neamhspleách ar chomhlánú agus chur isteach Foirm RR1.**

**Pionóis Shibhialta/Ionchúiseamh Coiriúil** - Leagtar síos faoi na dlíthe cánach go ngearrfar pionóis shibhialta agus smachtbhannaí coiriúla araon más amhlaidh nach ndéantar ráiteas, go ndéanfar ráiteas bréagach nó go gcuidítear le ráiteas bréagach a dhéanamh. Má thionscnaítear ionchúiseamh coiriúil i gcoinne duine agus go gciontaítear ar díotáil i gcoir é/í, féadfar pionós a ghearradh air/uirthi nach mó ná €126,970 agus/nó fíneáil suas le dúbailt na difríochta idir an cháin a dearbhaíodh a bheith dlite agus an cháin iarbhír a cinneadh ar deireadh thiar a bheith dlite, agus/nó príosúnacht.

## NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ

DEARBHAÍM/ID, chomh fada agus is eol dom/dúinn agus a chreidim/id go bhfuil san Fhoirm seo ráiteas cruinn de réir na bhforálacha den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (ACCán. 1997) ar na hábhair seo:

(a) Na méideanna a dhéanann suas Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe,

(b) Cinneadh na méideanna sin,

(c) Na meastacháin a iarrtar faoi Alt 485FB(4) den ACCán. 1997, agus

(d) Gach ábhar eile is gá a chur san áireamh ar an bhfoirm seo.

Síniú (Tú Féin) ______ Dáta __ / __ / ____ (LL / MM / BBBB)

Stádas an tSínitheora ______

Síniú (Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta) ______ Dáta __ / __ / ____

Stádas an tSínitheora ______

RPC006717_GA_WB_P_1

**Uimhir PSP** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

## A. Ríomh Ioncaim Choigeartaithe [3]

| | | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|
| A1. | **Cómheasúnú amháin:** Breac isteach an comhioncam inchánach arna áireamh ar an tuiscint nach dtagann teorannú ar úsáid faoiseamh i gceist [4] | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | |
| A2. | **Ioncam inchánach gach duine aonair arna áireamh ar an tuiscint nach dtagann teorannú ar úsáid faoiseamh i gceist**[5] *(**NB**: Aistrigh méid an ioncaim inchánach duit féin (agus, más pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, do do chéile nó pháirtnéir sibhialta) go dtí d'Fhoirm 11 2015 ag Painéal J, Líne 602)* | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |
| A3. | Comhiomlán Faoiseamh Sonraithe. Seo suim na méideanna d'Fhaoisimh Shonraithe a úsáideadh sa bhliain 2015 agus atá liostaithe i bPainéal G[6] | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |
| A4. | Ioncam Imfhálaithe (Mura bhfuil ann, taispeáin **0.00**) Seo suim na bhfoinsí ioncaim atá liostaithe i bPainéal F | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |
| A5. | **Ioncam Coigeartaithe** [(Líne A2 + Líne A3) - Líne A4] | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |

## B. Ríomh ar Mhéid Tairseach an Ioncaim [7]

| | | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|
| B1. | Mura bhfuil ioncam imfhálaithe ann, ansin is é Méid Tairseach an Ioncaim ná | 125,000.00 | 125,000.00 |
| B2. | Má tá ioncam imfhálaithe i gceist, ansin is é Méid Tairseach an Ioncaim ná an méid a thugann an fhoirmle: €125,000 X Líne A5 / (Líne A2 + Líne A3) | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |

## C. Ríomh ar Mhéid Neamhshrianta na bhFaoiseamh Sonraithe

| | | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|
| C1. | Is é seo cibé acu Méid Tairsí an Fhaoisimh €80,000, nó, más mó, 20% d' Ioncam Coigeartaithe (Líne A5) | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |

## D. Ríomh Ioncaim Inchánach Ath-áirithe, faoi Alt 485E den ACCán. 1997

Ioncam Inchánach Ath-áirithe[8] = **T + (S - Y)**

| | | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|
| D1. | **T** (ó Líne A2) = | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |
| D2. | **S** (ó Líne A3) = | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |
| D3. | **Y** (ó Líne C1) = | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |
| D4. | **Ioncam Inchánach Ath-áirithe** *(**NB**: Aistrigh an méid duit féin (agus, más infheidhme, do do chéile nó pháirtnéir sibhialta) go dtí d'Fhoirm 11 2015 ag Painéal J, Líne 603)*[9] | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 | ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00 |

**Uimhir PSP** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

| | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|

## E. Méid na Cánach Measúnaithe[10] tar éis feidhmiú Alt 485E den ACCán. 1997

| | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|
| | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |

## F. Ríomh Ioncaim Imfhálaithe

### Foinse an Ioncaim

| | | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|
| F1. | Ús taisce as ar baineadh cáin choinneála 'DIRT' ar 41% (Alt 261(c)(i)(II)) | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |
| F2. | Ús taisce comhlán faighte má rinneadh dearbhú faoi Alt 256(1A) nó Alt 256(1B) maidir le díolúine nó aisíocaíocht (Alt 261B) | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |
| F3. | Ús taisce comhlán a éiríonn i mBallstát den AE seachas sa Stát (Alt 267M) | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |
| F4. | Íocaíocht Polasaí Saoil Coigríche inchánach ar 41% (Alt 730J(a)(i)(II)) | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |
| F5. | Gnóchan Polasaí Saoil Coigríche inchánach ar 41% (Alt 730K(1)(a)(ii) | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |
| F6. | Íocaíocht Ciste Eischósta inchánach ar 41% (Alt 747D(a)(i)(II)) | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |
| F7. | Gnóchan Ciste Eischósta inchánach ar 41% (Alt 747E(1)(b)(ii)) | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |
| F8. | **Iomlán Línte F1 go F7 (Aistrigh go Painéal A Líne A4 den fhoirm seo)** | ,   ,   .00 | ,   ,   .00 |

**Uimhir PSP** □□□□□□□□□□

## G. Cinneadh Comhiomláin Faoiseamh Sonraithe a Úsáideadh do 2015

| Scd. 25B Uimh. Thag. | | Faoiseamh Sonraithe (Ailt den ACCán. 1997) | Méid Faoisimh Shonraithe a Úsáideadh do 2015 — Tú Féin | Méid Faoisimh Shonraithe a Úsáideadh do 2015 — Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | **Alt 140** - díbhinní agus dáiltí as ioncam ó: | | |
| | 1.1 | **Táillí Staile** *(a d'eirigh roimh 1 Lúnasa 2008)* | .00 | .00 |
| | 1.2 | **Cúnna Póraithe** *(a d'éirigh roimh 1 Lúnasa 2008)* | .00 | .00 |
| | 1.3 | **Coillearnacha** | .00 | .00 |
| 2 | | **Alt 141** - díbhinní agus dáiltí as ioncam díolmhaithe paitinne | | |
| 3 | | **Alt 142** - díbhinní agus dáiltí as ioncam ó oibríochtaí mianadóireachta áirithe | .00 | .00 |
| 4 | | **Alt 143** - díbhinní agus dáiltí as ioncam ó oibríochtaí mianadóireachta áirithe | .00 | .00 |
| 5 | | **Alt 195** - ioncam, brabúis nó gnóchain ealaíontóirí, scríbhneoirí, nó cumadóirí, atá díolmhaithe, as: | | |
| | 5.1 | **Leabhair nó scríbhinní eile** | .00 | .00 |
| | 5.2 | **Drámaí** | .00 | .00 |
| | 5.3 | **Cumadóireachtaí Ceoil** | .00 | .00 |
| | 5.4 | **Péintéireachtaí agus pictiúir eile dá leithéid** | .00 | .00 |
| | 5.5 | **Dealbha** | .00 | .00 |
| 6 | | **Alt 231** - brabúis nó gnóchain dhíolmhaithe as táillí staile *(inmhuirir ó 1 Lúnasa 2008)* | | |
| 7 | | **Alt 232** - brabúis dhíolmhaithe as áitiú coillearnacha | .00 | .00 |
| 8 | | **Alt 233** - brabúis dhíolmhaithe as táillí seirbhíse póraithe cúnna *(inmhuirir ó 1 Lúnasa 2008)* | | |
| 9 | | **Alt 234** - ioncam díolmhaithe as ríchíosanna paitinne | | |
| 10 | | **Alt 248** - faoiseamh ar ús íoctha ar iasachtaí a caitheadh chun leas a fháil i gcuideachta | .00 | .00 |
| 11 | | **Alt 248** - faoiseamh ar ús íoctha ar iasachtaí a caitheadh chun leas a fháil i gcuideachta, arna leathnú ag **Alt 250** | .00 | .00 |
| 12 | | **Alt 253** - faoiseamh ar ús íoctha ar iasachtaí a caitheadh chun leas a fháil i gcomhpháirtíocht | .00 | .00 |
| 13 | | **Alt 272** - liúntais síos-scríofa i leith caiteachais chaipitiúil ar: | | |
| | 13.1 | **Óstáin dhíscríofa ar ráta 15%** (Alt 268(1)(d)) | .00 | .00 |
| | 13.2 | **Tithe Altranais** (Alt 268(1)(g)) | .00 | .00 |
| | 13.3 | **Aonaid Chónaithe ceangailte le tithe altranais** (Alt 268(1)(g) de bhua Alt 268(3B)) | .00 | .00 |

| | | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|
| 13.4 | **Tithe Téarnaimh** (Alt 268(1)(i)) | ·00 | ·00 |
| 13.5 | **Ospidéil** (Alt 268(1)(j)) | ·00 | ·00 |
| 13.6 | **Clinicí Díobhála Spórt** (Alt 268(1)(k)) | ·00 | ·00 |
| 13.7 | **Lárionaid Mheabhairshláinte** (Alt 268(1)(l)) | ·00 | ·00 |
| 13.8 | **Aonaid Sainchúraim Mhaolathaigh** (Alt 268(1)(m)) | ·00 | ·00 |
| 13.9 | **Áiseanna Seirbhíse Eitlíochta** (Alt 268(1)(n)) | ·00 | ·00 |
| 13.10 | **Campaí Saoire díscríofa ar ráta 15% agus Teachíní Saoire** (Alt 268(3)) | ·00 | ·00 |
| **14** | **Alt 273** - luathú liúntas síos-scríofa maidir le caiteachas áirithe ar fhoirgnimh nó struchtúir áirithe thionsclaíocha | ·00 | ·00 |
| **15** | **Alt 274** - liúntais comhardaithe maidir le caiteachas caipitiúil ar: | | |
| 15.1 | **Ostáin díscríofa ar ráta 15%** (Alt 268(1)(d)) | ·00 | ·00 |
| 15.2 | **Tithe Altranais** (Alt 268(1)(g)) | ·00 | ·00 |
| 15.3 | **Aonaid Chónaithe ceangailte le Tithe Altranais díscríofa ar rátaí 10% nó 15%** (Alt 268(1)(g) de bhua Alt 268(3B)) | ·00 | ·00 |
| 15.4 | **Tithe Téarnaimh** (Alt 268(1)(i)) | ·00 | ·00 |
| 15.5 | **Ospidéil** (Alt 268(1)(j)) | ·00 | ·00 |
| 15.6 | **Clinicí Díobhála Spórt** (Alt 268(1)(k)) | ·00 | ·00 |
| 15.7 | **Lárionaid Mheabhairshláinte** (Alt 268(1)(l)) | ·00 | ·00 |
| 15.8 | **Aonaid Sainchúraim Mhaolathaigh** (Alt 268(1)(m)) | ·00 | ·00 |
| 15.9 | **Áiseanna Seirbhíse Eitlíochta** (Alt 268(1)(n)) | ·00 | ·00 |
| 15.10 | **Campaí Saoire díscríofa ar ráta 15% agus Teachíní Saoire** (Alt 268(3)) | ·00 | ·00 |
| **15A** | **Alt 304(4)** - cáin ioncaim: liúntais agus muirir i ngearradh cánach ar thrádáil, srl | ·00 | ·00 |
| **15B** | **Alt 305(1)** - cáin ioncaim: modh deonaithe, agus toradh liúntas tugtha trí urscaoileadh nó aisíocaíocht cánach | ·00 | ·00 |
| **15C** | **Alt 284 -** (liúntais caithimh agus cuimilte) faoi réir Alt 485C(1B) | ·00 | ·00 |
| **15D** | **Alt 288 -** (liúntais chomhardaithe agus muirir chomhardaithe) faoi réir Alt 485C(1B) | ·00 | ·00 |
| **16** | **Alt 323 - Ceantar Dugaí Theach an Chustaim:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil áitiribh áirithe tráchtála | ·00 | ·00 |
| **17** | **Alt 324 - Ceantar Dugaí Theach an Chustaim:** liúntas cíosa dúbailte maidir le cíos íoctha ar áitreabh áirithe gnó | ·00 | ·00 |
| **18** | **Alt 331 - Ceantar Bharra an Teampaill:** liúntais chaipitiúla luathaithe maidir le tógáil nó athchóiriú foirgneamh nó struchtúr tionsclaíocha áirithe | ·00 | ·00 |
| **19** | **Alt 332 - Ceantar Bharra an Teampaill:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú áitribh áirithe tráchtála | ·00 | ·00 |

| Uimhir PSP | | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|
| 20 | **Alt 333 - Ceantar Bharra an Teampaill:** liúntas cíosa dúbailte maidir le cíos íoctha ar áitreabh áirithe gnó | , , .00 | , , .00 |
| 21 | **Alt 341 - Scéim um Athnuachan Uirbeach agus Scéim um Shráideanna Sainithe:** liúntais chaipitiúla luathaithe maidir le tógáil nó athchóiriú foirgneamh nó struchtúr áirithe tionsclaíocha | , , .00 | , , .00 |
| 22 | **Alt 342 - Scéim um Athnuachan Uirbeach agus Scéim um Shráideanna Sainithe:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú áitribh áirithe tráchtála | , , .00 | , , .00 |
| 23 | **Alt 343 - Ceantair Fhiontraíochta:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú foirgneamh nó struchtúr áirithe | , , .00 | , , .00 |
| 24 | **Alt 344 - Carrchlóis Ilstóracha:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú | , , .00 | , , .00 |
| 25 | **Alt 345 - Scéim um Athnuachan Uirbeach, Ceantair Fhiontraíochta, agus Carrchlóis Ilstóracha:** liúntas cíosa dúbailte maidir le cíos íoctha ar áitreabh áirithe gnó | , , .00 | , , .00 |
| 26 | **Alt 352 - Ceantair Saoire Cháilitheacha:** liúntais chaipitiúla luathaithe maidir le tógáil nó athchóiriú foirgneamh nó struchtúr áirithe tionsclaíocha | , , .00 | , , .00 |
| 27 | **Alt 353 - Ceantair Saoire Cháilitheacha:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú áitribh áirithe tráchtála | , , .00 | , , .00 |
| 28 | **Alt 354 - Ceantair Saoire Cháilitheacha:** liúntas cíosa dúbailte maidir le cíos íoctha ar áitribh áirithe gnó | , , .00 | , , .00 |
| 29 | **Alt 372C - Ceantair Cháilitheacha:** liúntais chaipitiúla luathaithe maidir le tógáil nó athchóiriú foirgneamh nó struchtúr áirithe tionsclaíocha | , , .00 | , , .00 |
| 30 | **Alt 372D - Ceantair Cháilitheacha agus Scéim um Chónaí-Lastuas-den-Siopa:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú áitribh áirithe tráchtála | , , .00 | , , .00 |
| 31 | **Alt 372M - Ceantair Cháilitheacha Tuaithe:** liúntais chaipitiúla luathaithe maidir le tógáil nó athchóiriú foirgneamh nó struchtúr áirithe tionsclaíocha | , , .00 | , , .00 |
| 32 | **Alt 372N - Ceantair Cháilitheacha Tuaithe:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú áitribh áirithe tráchtála | , , .00 | , , .00 |
| 33 | **Alt 372V - Saoráidí Páirceáil-agus-Gluais:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú | , , .00 | , , .00 |
| 34 | **Alt 372W - Scéim um Páirceáil-agus-Gluais:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú áitribh áirithe tráchtála | , , .00 | , , .00 |
| 35 | **Alt 372AC - Ceantair Athnuachana Baile Móir:** liúntais chaipitiúla luathaithe maidir le tógáil nó athchóiriú foirgneamh nó struchtúr áirithe tionsclaíocha | , , .00 | , , .00 |

| Uimhir PSP | | Tú Féin | Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta |
|---|---|---|---|
| 36 | **Alt 372AD - Ceantair Athnuachana Baile Móir:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú áitribh áirithe tráchtála | . 00 | . 00 |
| 36A | **Alt 372AX - An Scéim um Infheistíocht i mBonneagar Turasóireachta Chrios Lár na Sionainne:** liúntais chaipitiúla luathaithe maidir le tógáil nó athchóiriú campaí saoire áirithe cláraithe | . 00 | . 00 |
| 36B | **Alt 372AY -An Scéim um Infheistíocht i mBonneagar Turasóireachta Chrios Lár na Sionainne:** liúntais chaipitiúla maidir le tógáil nó athchóiriú saoráidí áirithe bonneagair turasóireachta | . 00 | . 00 |
| 37 | **Alt 372AP** - faoiseamh do Léasóirí | . 00 | . 00 |
| 38 | **Alt 372AU(1)** - foráil do cheart éilitheoirí anois agus amach anseo ar fhaoiseamh i leith seanscéimeanna agus do cheart ar aisghlámadh faoisimh i gcúinsí áirithe | . 00 | . 00 |
| 38A | **Alt 372AAC – Tionscnamh Cathrach Beo:** liúntais chaipitil maidir le tiontú nó athchóiriú foirgnimh ghnó áirithe | . 00 | . 00 |
| 39 | **Alt 381** - ceart ar aisíocaíocht cánach i leith caillteanas | . 00 | . 00 |
| 40 | **Alt 381** - ceart ar aisíocaíocht cánach i leith caillteanas, arna leathnú le **Alt 392** (rogha chun caillteanas a chruthú nó a mhéadú trí liúntais chaipitiúla a úsáid) | . 00 | . 00 |
| 41 | **Alt 382** - an ceart chun caillteanais a thabhairt ar aghaidh go dtí blianta dár gcionn | . 00 | . 00 |
| 42 | **Alt 383** - faoiseamh faoi Chás IV do chaillteanais | . 00 | . 00 |
| 43 | **Alt 384** - faoiseamh faoi Chás V do chaillteanais | . 00 | . 00 |
| 44 | **Alt 385** - caillteanas foircneach | . 00 | . 00 |
| 45 | **Alt 481** - faoiseamh d'infheistíocht i **scannáin** | . 00 | . 00 |
| 46 | **Alt 482** - faoiseamh do chaiteachas ar **fhoirgnimh agus ghairdíní tábhachtacha** | . 00 | . 00 |
| 47 | **Alt 485F** - farasbarr faoisimh a thabhairt ar aghaidh (***NB:*** *Ná cuir isteach ach an méid farasbarr faoisimh a úsáidtear anseo go hiarbhír*) | . 00 | . 00 |
| 47A | **Alt 489(2)(a) - Scéim Dreasachta Fostaíochta agus Infheistíochta** (nuair a dhéantar an tsuibscríbhinn le haghaidh scaireanna incháilithe ar nó roimh 15 Deireadh Fómhair 2013) | . 00 | . 00 |
| 48 | **Alt 489(3)** - faoiseamh **BES** | . 00 | . 00 |
| 48A | **Alt 823A -** asbhaint maidir le hioncam a saothraíodh i stáit choigríche áirithe | . 00 | . 00 |
| 49 | **Alt 843** - liúntais chaipitiúla d'fhoirgnimh a úsáidtear chun críocha **oideachasúla tríú leibhéal** | . 00 | . 00 |
| 50 | **Alt 843A** - liúntais chaipitiúla d'fhoirgnimh a úsáidtear chun críocha áirithe **cúraim leanaí** | . 00 | . 00 |
| 51 | **Alt 847A** - tabhartais do **chomhlachtaí áirithe spórt** | . 00 | . 00 |
| 52 | **Alt 848A** - tabhartais do **chomhlachtaí ceadaithe** | . 00 | . 00 |
| 53 | **Mír 11 de Scd. 32 - Scéim um Athnuachan Uirbeach, 1986:** liúntais chaipitiúla maidir le háitreabh áirithe tráchtála i gceantair shainithe seachas Ceantar Dugaí Theach an Chustaim | . 00 | . 00 |
| 54 | **Mír 13 de Scd. 32 - Scéim um Athnuachan Uirbeach, 1986:** liúntas cíosa dúbailte maidir le háitreabh áirithe i gceantair shainithe seachas Ceantar Dugaí Theach an Chustaim | . 00 | . 00 |
| Iomláin | **(Aistrigh go dtí Painéal A Líne A3 den fhoirm seo)** | . 00 | . 00 |

# Nótaí chun Foirm RR1 a Chomhlánú

[1] Tá Doiciméad Treorach cuimsitheach ar fáil ar **www.revenue.ie** [Maidir linne > Saoráil Faisnéise > Lámhleabhair Cánach & Dleachta - Alt 16 > Cáin Ioncaim Cáin Cáin Ghnóthachan Caipitiúil Cáin Chorparáide > Cuid 15 -Ailt 458-487 > Cuid 15-02a-05]. Beidh an teorannú ar úsáid faoiseamh i bhfeidhm do 2015 i gcás duine aonair más rud é go bhfuil:

- Ioncam Coigeartaithe an duine aonair don bhliain cothrom le, nó níos mó ná, Méid Tairseach an Ioncaim (€125,000 de ghnáth ach níos lú nuair atá ioncam imfhálaithe i gceist),
- Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe arna n-úsáid ag an duine aonair don bhliain cothrom le, nó níos mó ná, Méid Tairseach an Fhaoisimh €80,000, agus
- Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe arna n-úsáid ag an duine aonair níos mó ná 20 faoin gcéad d'Ioncam Coigeartaithe an duine aonair don bhliain.

Chun na gcríocha seo, i gcás lánúineacha pósta nó páirtnéirí sibhialta a chómheasúnaítear iad, ní foláir dliteanas gach duine aonair don teorannú a chinneadh ar leithligh.

[2] I gcás lánúineacha pósta nó páirtnéirí sibhialta:

- a mheasúnaítear mar dhaoine singil, agus go mbaineann an teorannú leis an mbeirt chéilí nó pháirtnéirí sibhialta, is cóir do gach céile nó páirtnéir sibhialta foirm ar leithligh a úsáid;
- a mheasúnaítear faoi chómheasúnú nó mheasúnú ar leithligh, agus go mbaineann an teorannú leis an mbeirt chéilí nó pháirtnéirí sibhialta, sa chás sin, is cóir don bheirt chéilí nó pháirtnéirí sibhialta an fhoirm chéanna a úsáid.
  Mura mbaineann an teorannú ach le céile nó páirtnéir sibhialta amháin, is cóir, sa chás sin, don chéile lena mbaineann an teorannú an fhoirm a chomhlánú ach caithfidh Líne A1 an comhioncam inchánach den bheirt chéilí nó pháirtnéirí sibhialta a thaispeáint agus caithfidh Líne A2 ioncam inchánach gach céile nó páirtnéara sibhialta leith ar leith a thaispeáint.

[3] Is é is Ioncam Coigeartaithe ann (mar a shainítear in Alt 485C den ACCán. 1997) ná an méid a chinntear trí fhoirmle **(T + S) - R**.

Is é **T** an méid ioncaim inchánach ag duine aonair do bhliain chánach, arna chinneadh ar an mbonn nach mbaineann Caibidil 2A de Chuid 15 den ACCán. 1997, seachas Alt 485F, leis an duine aonair don bhliain, agus i gcás lánúineacha pósta nó páirtnéirí sibhialta measúnaithe faoi chómheasúnú nó faoi mheasúnú ar leithligh, arna chinneadh ar an mbonn go ríomhtar ioncam inchánach gach céile nó páirtnéara sibhialta ar leithligh de réir fhorálacha Alt 485FA den ACCán. 1997.

Is é **S** Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe a úsáideann an duine aonair don bhliain chánach **(féach Painéal G)**.

Is é **R** méid ioncaim imfhálaithe an duine aonair, más ann, don bhliain chánach **(féach Painéal F)**.

[4] Is é an méid atá le cur isteach sa bhosca seo ná comhioncam inchánach gach céile nó páirtnéara sibhialta arna áireamh ar an mbonn nach mbaineann an teorannú ar úsáid faoiseamh le ceachtar céile nó páirtnéir sibhialta don bhliain 2015. Is cóir áfach aon fharasbarr faoisimh faoi Alt 485F ag teacht ar aghaidh ó 2014 (agus/nó ó bhlianta roimhe) a thabhairt san áireamh agus ioncam inchánach á ríomh agat. Ioncam nach n-áirítear agus an t-ioncam iomlán á ríomh agat, ní cóir é a thabhairt san áireamh agus ioncam inchánach á ríomh agat.

[5] I gcás lánúineacha pósta nó páirtnéirí sibhialta faoi chómheasúnú, forálann Alt 485FA den ACCán. 1997 go gcinntear ioncam inchánach gach céile nó páirtnéara sibhialta ar leithligh. **NB**: Ní foláir ioncam inchánach ar leithligh **gach** céile nó páirtnéara sibhialta a bhreacadh isteach ag Líne A2 (agus ag Líne 602 de Phainéal J d'Fhoirm 11) fiú mura mbaineann an teroannú ach le céile nó páirtnéir sibhialta amháin. Ioncam nach n-áirítear agus ioncam iomlán á ríomh, ní cóir é a thabhairt san áireamh agus ioncam inchánach á ríomh.

[6] Is é méid an Fhaoisimh Shonraithe a úsáideadh i 2015, i gcás liúntais, asbhainte, aisíocaíochta, nó faoisimh eile, ná an chuid sin den fhoriomlán faoisimh a úsáideadh ag an duine aonair don bhliain 2015, agus, i gcás díolúine, méid an ioncaim dhíolmhaithe a thuilleann an duine aonair don bhliain 2015 faoi na gnáthrialacha cánach ioncaim chun brabúis, gnóchain, nó ioncam is inmhuirir do cháin a ríomh. Maidir le lánúineacha pósta nó páirtnéiri sibhialta, is cóir go n-áireofaí mar chuid de na Faoisimh Shonraithe a úsáideann duine aonair, faoiseamh ar bith a úsáideann an duine aonair agus a thosaigh leis an gcéile nó páirtnéir sibhialta aige/aici ach nár úsáid an céile nó an páirtnéir sibhialta é toisc ioncam srl a bheith easnamhach.

[7] Is é Méid Tairseach an Ioncaim do 2015 ná €125,000 mura bhfuil ioncam imfhálaithe i gceist. Má tá ioncam imfhálaithe i gceist, úsáid an fhoirmle i Líne B2 chun Méid Tairseach an Ioncaim a ríomh do 2015.

[8] Is é Ioncam Inchánach Ath-áirithe duine aonair ná an méid a thugann an fhoirmle **T + (S - Y)**.

Is é **T** an méid ioncaim inchánach ag duine aonair do bhliain chánach, arna chinneadh ar an mbonn nach mbaineann Caibidil 2A de Chuid 15 den ACCán. 1997, seachas Alt 485F, leis an duine aonair don bhliain, agus i gcás lánúineacha pósta nó pairtnéirí sibhialta measúnaithe faoi chómheasúnú nó faoi mheasúnú ar leithligh, arna chinneadh ar an mbonn go ríomhtar ioncam inchánach gach céile nó páirtnéara sibhialta ar leithligh de réir fhorálacha Alt 485FA den ACCán. 1997.

Is é **S** Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe a úsáideann an duine aonair don bhliain chánach **(féach Painéal G)**.

Is é **Y** cibé acu Méid Tairseach an Fhaoisimh €80,000, nó, más mó, 20 faoin gcéad d'Ioncam Coigeartaithe an duine aonair **(féach Painéal C).**

[9] I gcás lánúineacha pósta nó páirtnéirí sibhialta faoi chómheasúnú, nuair nach mbaineann an srianadh ach le céile nó le páirtnéir amháin, cuir isteach bunioncam incháinithe (más ann) an chéile nó an pháirtnéara shibhialta eile sa spás a bhaineann leis an gcéile nó leis an bpáirtnéir sin ar Líne 603 d'Fhoirm 11.

[10] Seo é do mheastachán den cháin is cóir a mheasúnú agus is é an méid cánach a áirítear trí na rátaí agus bandaí ábhartha cánach a fheidhmiú ar fhigiúr an Ioncaim Inchánach Ath-áirithe.